An Chartlann Náisiúnta
National Archives

Comhaid Cheisteanna Parlaiminte (PQ) a mhilleadh ar bhonn leanúnach mar chatagóir nó aicme taifead faoi Alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta 1986

Is sárú ar alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta 1986 é aon taifid roinne, lena n-áirítear comhaid PQ, a dhiúscairt gan dul i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta roimh ré, lena n-áirítear Deimhniú i leith Diúscairt Taifead Roinne a eisiúint agus é sínithe ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

1. Réamhrá

Céard é PQ?

Is é atá i gCeist Parlaiminte (PQ) ná ceist atá dírithe chuig aire sa Dáil ar ceist í a thagann ó chomhalta den fhreasúra nó ó chúlbhinseoir de ghnáth agus ar ceist í a bhaineann le cúraimí an aire sin. Tá oibleagáid ar an aire freagra cruinn ó thaobh na bhfíoras de a thabhairt ar an gceist. Freagraíonn an Taoiseach ceisteanna Dé Máirt agus Dé Céadaoin agus freagraíonn na hairí eile de réir róta, rud a fhágann nach mór do gach aire PQ-anna a fhreagairt go tráthrialta. Tá dhá chineál PQ ann, is é sin, ceisteanna ó bhéal (a chuirtear sa Dáil) agus ceisteanna i scríbhinn. Ceadaítear do TD-anna dhá PQ ó bhéal a chur ar aire, ach fógra ceithre lá a thabhairt maidir le gach ceist, agus ceadaítear dóibh líon neamhtheoranta PQ-anna i scríbhinn a chur ach fógra trí lá a thabhairt. Ina theannta sin, bíonn cúig PQ tosaíochta ó bhéal ann gach lá agus ní mór fógra trí lá a thabhairt ina leith sin (tugtar ‘ceisteanna ar sonraíodh uain dóibh’ orthu freisin). Is cuid de thaifead foilsithe na Dála iad PQ-anna agus na freagraí a thugtar orthu.

An próiseas a ghabhann le comhad PQ a chruthú

Nuair a fhaigheann roinn PQ tugtar tús áite dó agus cuirtear faoi bhráid státseirbhíseach atá inniúil i leith an ábhair lena mbaineann an cheist. Osclaítear comhad maidir leis an gceist agus déantar taighde faoin gceist le gur féidir freagra a sholáthar don aire iomchuí. I gcás PQ-anna, ní thugtar freagra ach amháin ar an gceist a chuirtear iarbhír. I gcás PQ-anna ó bhéal, soláthraítear freagra ar an gceist agus, go hiondúil, soláthraítear nóta don aire rud a chumasaíonn dó cur leis an bhfreagra le linn na díospóireachta Dála agus, ina theannta sin, freagra a thabhairt ar cheisteanna forlíontacha eile a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an bhfreagra a thugann sé nó sí. Chun an nóta sin a ullmhú, is gá don státseirbhíseach a bhfuil sé de chúram air nó uirthi an freagra ar an PQ a ullmhú roinnt taighde a dhéanamh de ghnáth agus is minic a bhíonn doiciméid a bhaineann leis an taighde sin le fáil sa chomhad PQ.

Taifid a chruthaítear i rith an phróisis

Cuimseoidh comhad PQ an cheist a cuireadh ar an aire agus an freagra a tugadh sa Dáil agus, i gcás an dá ní sin, is cóipeanna iad, de ghnáth, as tuairisc laethúil na Dála. De ghnáth, cuimseoidh nóta don aire faisnéis bhreise freisin maidir leis an gceist amhail an cás ar leith a bhféadfadh ceist níos ginearálta tagairt a bheith ann dó nó tuilleadh faisnéise le go mbeidh an t-aire in ann ceisteanna forlíontacha a

d’fhéadfadh a bheith ann a fhreagairt. Maidir leis an bhfaisnéis a chuimsítear sa nóta don aire, is gnách go bhfaightear í ó chomhaid atá ann cheana féin sa roinn lena mbaineann. Uaireanta, beidh comhfhreagras ann idir státseirbhísigh agus gníomhaireachtaí a shealbhaíonn na taifid, amhail Boird Sláinte nó na Gardaí.

2. Comhaid PQ a athbhreithniú laistigh den Chartlann Náisiúnta.

Rinne an Chartlann Náisiúnta athbhreithniú ar na comhaid PQ atá aici cheana féin lena fháil amach an raibh caomhnú fadtéarma ag teastáil ina leith. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, is léir gur ceart idirdhealú a dhéanamh idir comhaid PQ i scríbhinn, ar thaobh amháin, ar comhaid iad ina mbíonn méid an-bheag faisnéise i gcoitinne, is é sin, ní bhíonn iontu ach an cheist agus a freagra de ghnáth (agus an fhaisnéis sin cóipeáilte ó thaifead na Dála), agus, ar an taobh eile, comhaid PQ ó bhéal, ar comhaid iad ina mbíonn faisnéis agus doiciméid a cóipeáladh ó thaifid eile roinne, mar aon le nótaí eolais a d'ullmhaigh státseirbhísigh d'fhonn faisnéis a sholáthar don aire maidir le cineál na ceiste agus maidir leis na cúiseanna polaitíochta a bhain léi nó le go mbeidh an t-aire in ann ceisteanna forlíontacha a fhreagairt.

3. Comhaid PQ a shealbhaíonn ranna rialtais faoi láthair

Mar thoradh ar dhul i gcomhairle le hOifig Chléireach Dháil Éireann, soláthraíodh na figiúirí seo a leanas don Chartlann Náisiúnta maidir leis an líon PQ-anna a tíolacadh in aghaidh na bliana thar thréimhse 13 bliana:

BLIAIN	FREAGRAÍ Ó BHÉAL	FREAGRAÍ I SCRÍBHINN	TARRAINGÍODH SIAR	DÍCHEADAÍODH	IOMLÁN
1996	1,714	17,424	3,033	1,954	24,125
1997	925	12,920	2,689	1,208	17,742
1998	1,597	20,174	3,132	1,564	26,467
1999	1,779	19,576	3,632	1,560	26,547
2000	1,874	21,846	4,099	1,404	29,223
2001	1,736	23,254	4,786	1,395	31,121
2002	1,172	19,595	3,852	1,515	26,134
2003	1,894	24,012	3,499	1,512	30,917
2004	1,875	25,960	3,781	1,445	32,791
2005	1,780	31,864	3,956	1,641	39,241
2006	1,688	34,463	4,724	1,663	42,538
2007	1,289	26,818	4,442	1,204	33,753
2008	1,496	33,638	8,726	922	44,782

De réir na bhfigiúirí thuas, is léir gur fhan an líon PQ-anna ó bhéal ag leibhéal measartha seasmhach thar an tréimhse lena mbaineann, is é sin, 1600 in aghaidh na bliana. I gcoitinne, tá méadú tagtha ar líon na PQ-anna i scríbhinn thar an tréimhse sin, is é sin le rá, ó mheánlíon 19,800 sa tréimhse 1996-2002 go meánlíon 29,000 sa tréimhse 2003-2008. Ar an mbonn sin, is ionann toirt an ábhair agus cúis láidir le scrúdú a dhéanamh ar chomhaid PQ mar aicme taifead d'fhonn measúnú a dhéanamh ina leith i dtaca le coimeád nó milleadh de.

4. Conclúidí agus moltaí

Le linn na comhaid PQ a athbhreithniú, thug an Chartlann Náisiúnta an méid seo a leanas dá haire:

1. Ní croífheidhm de chuid Roinn Stáit é comhad PQ a chruthú. Is gníomhaíocht imeallach í nach gcruthaíonn aon taifid nua faoi fheidhmeanna, faoi struchtúir ná faoi ghníomhaíochtaí na roinne sin.

2. Is é príomhthaifead ceiste parlaiminte an taifead a fhoilsítear in imeachtaí na Dála.

3. De ghnáth, bíonn an fhaisnéis a tiomsaítear i gcomhaid PQ le fáil i dtaifid na roinne lena mbaineann agus cóipeáiltear an fhaisnéis sin nó coimrítear í lena cur ar an gcomhad PQ. Is é a bhíonn san aon fhaisnéis uathúil amháin, de ghnáth, ná nithe a bhaineann le tiomsú na faisnéise, amhail litreacha idir státseirbhísigh agus ranna rialtais agus gníomhaireachtaí, ar litreacha iad ina lorgaítear faisnéis faoin ábhar lena mbaineann an cheist agus cóipeáiltear an fhaisnéis sin ansin ó thaifid na roinne nó na gníomhaireachta sin.

Is sárú ar alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta 1986 é aon taifid roinne, lena n-áirítear comhaid PQ, a dhiúscairt gan dul i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta roimh ré, lena n-áirítear Deimhniú i leith Diúscairt Taifead Roinne a eisiúint agus é sínithe ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

Dá bhrí sin, eisíonn an Chartlann Náisiúnta na treoirlínte agus an treoir seo a leanas i ndáil le diúscairt comhad PQ i Ranna Stáit:

1. Maidir leis na comhaid PQ i scríbhinn go léir a shealbhaíonn ranna faoi láthair, féadfar milleadh láithreach na gcomhad sin a cheadú más rud é nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun críoch gnó.

2. Maidir le comhaid PQ i scríbhinn a chruthaíonn ranna amach anseo, féadfar iad a mhilleadh nuair nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun críoch gnó.

3. Maidir le comhaid PQ ó bhéal de ghnáthchineál a bhaineann le saincheisteanna nach ngabhann aon mhórthábhacht leo don roinn ná do rialachas na hÉireann, féadfar iad a mhilleadh 10 mbliana tar éis an trátha a mbeidh deireadh tagtha lena n-úsáid riaracháin.

3. Maidir le comhaid PQ ó bhéal:

- A bhaineann le saincheisteanna de chineál conspóideach agus/nó is cúis le díospóireacht shuntasach phoiblí
- A bhaineann le hábhar lena ngabhann tábhacht náisiúnta
- Is cúis le díospóireacht shuntasach laistigh de roinn

tá siad le coimeád sa roinn sin agus le n-aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta de réir fhorálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986.

5. I gcás nach gcoimeádann ranna comhaid PQ mar shraith shonrach nó i gcás ina gcuirtear ábhar comhad PQ ar chomhaid roinne atá ann cheana féin, ní bheidh feidhm ag an údarú seo.

An Chartlann Náisiúnta
National Archives

An Chartlann Náisiúnta,
Sráid an Easpaig,

Baile Átha Cliath

D08 DF85, Éire.

Teileafón: + 353 (0)1 407 2300
Lo Call: + 353 1890 252424
Facs: + 353 (0)1 407 2333
Ríomhphost: query@nationalarchives.ie